

# ❖ An Lúibín ❖

22 Deireadh Fómhair 2013

## Tobar an Dualchais

Is éard atá in Tobar an Dualchais tionscadal ar cuspóir dó bailiúchán ollmhór taifid fuaime de bhéaloideas na hAlban i nGàidhlig agus i mBéarla a chur ar fáil ar líne. Tá mórán acu ar théipeanna spóil agus ar shorcóirí céire. Tá an t-ábhar le digitíú agus le cur ar fáil saor in aisce ar an suíomh.

Bailíodh cuid den ábhar chomh fada siar leis na tríochaidí agus tugann sé léargas ar shaol an phobail ar fud na tíre. Tá cuid mhór de le fáil i gcartlann Scoil an Léinn Albannaigh in Ollscoil Dhún Éidean. Is ann atá na mílte amhrán, fonn, scéal, ortha, seanfhocal agus béaloideas de gach saghas. Tá amhráin agus scéalta le fáil freisin i mBailiúchán Canna, ábhar a bailíodh in Inse Ghall idir na tríochaidí agus seascaidí.

Tá na mílte traic curtha ar fáil ar líne cheana, ach chríochnaigh maoiniú an tionscadail sa bhliain 2010. Tá gá le hairgead fós chun na mílte uair an chloig d'ábhar a chur in eagar agus ar líne. Táthar ag iarraidh £25,000 ar an bpobal chun cúig chéad traic eile a sholáthar. Más mian leat deontas a thabhairt is féidir leat cuairt a thabhairt ar <http://www.sponsume.com/project/tobar-dualchais> nó seic a chur chun Tobar an Dualchais, Sabhal Mòr Ostaig, Sleat, Isle of Skye, IV44 8RQ.

Féach [www.tobarandualchais.co.uk](http://www.tobarandualchais.co.uk) / [www.kistoriches.co.uk](http://www.kistoriches.co.uk).



## An Ghaeilge agus an domhandú

Sa bhliain 2010 thug an Dr Máirín Nic Eoin caint dar teideal 'Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe'. Tá Máirín ina hollamh i gColáiste Phádraig; eolaí ar an teoiric chriticiúil is ea í agus suim ar leith aici i stair agus i socheolaíocht an léinn liteartha. Tá a lán leabhar foilsithe aici. Craoladh an chaint ar Raidió na Gaeltachta, agus tá sí le fáil anseo:

<http://www.rte.ie/podcasts/2011/pc/pod-v-11021137m50sgloranoir-pid0-2270712.mp3.url>

Déanann sí athbreithniú ar staid na teanga in Éirinn agus deir go dtaispeánann na suirbhéanna go bhfuil pobal na hÉireann báúil leis an nGaeilge, tríd is tríd. Is fiú leo airgead a chaitheamh uirthi agus deir cuid acu go bhfuil tábhacht phearsanta acu léi. Dealraíonn sé go bhfuil stádas ard ag na Gaeilgeoirí (d'fháilteofaí rompu sa teach!). Tá difríocht, áfach, idir meon agus gníomh. Déanann sí tagairt do nádúr ilchultúrtha na Gaeltachta – í lghnéitheach agus, ar ndóigh, dátheangach. Teanga iarthraidisiúnta an Ghaeilge anois; minic go leor tá díomá agus frustrachas ag baint léi. Tá baint ag TG4 le haigne ghaelach a chruthú, ach is tábhachtaí an dearcadh i leith na Gaeilge a d'éascair ón ardoideachas ná ón aon áit eile. Pléann sí gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta agus an difríocht mhór atá idir a gcuid cuspóirí: tá na gaelscoileanna dírithe ar an teanga a chur chun cinn agus an chuid eile ar an teanga a chaomhnú – cuspóir gan rath.

Deir sí gur gá níos mó taighde a dhéanamh ar cheist an dátheangachais, ós í í an t-aon chinnteacht amháin atá ann go labhrófar Béarla sa Ghaeltacht feasta díreach mar a labhraítear anois. Maidir le haos óg na Gaeltachta, deir sí go bhfuil meon dearfach acu i leith na teanga ach go bhfuil 'bearna' idir sin agus a n-iompar teanga féin.



## An tOllamh agus an teanga

Ollamh le Teangeolaíocht in Ollscoil California, Santa Cruz, is ea Jim McCloskey, agus togha na Gaeilge aige (tá tuairimí dá chuid luaite ag Máirín Nic Eoin thuas). Sa bhliain 2004 d'fhoilsigh Geoffrey Pullum teachtaireacht ó McCloskey (a bhí tar éis cuairt a thabhairt ar Éirinn) ar fhóram de chuid Ollscoil Pennsylvania agus tuairimí suimiúla inti ar staid na teanga ag an am ('McCloskey on the rebounding of Irish' – 30 Nollaig 2004). Ár mbarúilne go bhfuil fiúntas ag baint lena chuntas siúd fós.

Ní dea-scéal atá ann i dtaobh staid na Gaeltachta, a deir mo dhuine. Ní raibh aon duine díobh siúd a ndeachaigh sé chun cainte leo faoin scéal dóchasach faoina bhfuil i ndán don teanga ann. Tháinig deireadh le gnáthsheachadadh na teanga sna seachtóidí: 'If you walk along a road in a Gaeltacht area and try to listen for the language being used by groups of teenagers and children by themselves, it is always (in my recent experience) English'. Is annamh anois a gheofá páistí a tógadh le Gaeilge ag freastal ar bhunscoileanna Gaeltachta. Deir McCloskey, ar nós a lán eile, gur beag nach féidir a bheith cinnte de go dtiocfaidh deireadh le Gaeilge na Gaeltachta i gceann tríocha bliain nó mar sin.

Ar an taobh eile den scéal, ba léir dó go bhfuil pobal nua Gaeilge ann anois (timpeall 100,000 duine, b'fhéidir) agus iad i bhfad níos líonmhaire ná pobal na Gaeltachta. Dream beoga misniúil is ea an pobal nua seo, iad buanseasmhach agus ilghnéitheach, agus tá éagsúlacht (a deir sé) ag baint lena gcuid Gaeilge: 'People like me speak a close approximation of traditional Gaeltacht Irish and there are people who speak new urban calques, heavily influenced by English in every way'.

Má b'fhíor an méid sin sa bhliain 2004 (agus tá a lán fianaise eile ag cur le taighde McCloskey) is fíor go fóill é. Níl a rian sin le feiceáil fós ar an nGaeilge a úsáidtear thar lear: cloítear ansin leis na sean-nósanna 'cearta'. In Éirinn féin, is dócha, déanfar comhréiteach idir leagan de Ghaeilge na Gaeltachta agus an Ghaeilge Bhéarlaithe – canúint a bhfuil lorg an Bhéarla uirthi ach a bhfuil nasc aici fós le caint na sinsear. Beidh sí an-difriúil, mar a deir mo dhuine, leis an nGaeilge a bhí lucht na hAthbheochana ag iarraidh a athréimhniú: ach beidh sí an-bheo mar sin féin.

Féach:

<http://itre.cis.upenn.edu/~myl/language/og/archives/001768.html>



## Anabel Hernández agus cogadh na ndrugaí

Bean an-mhisniúil is ea Anabel Hernández, údar *Los Señores del Narco* (Grijalbo Actualidad 2011), a foilsíodh i mBéarla mar *Narcoland*. Ní mór di a bheith misniúil: tá sí ar na iriseoirí is mó a rinne fiosrú ar chogadh na ndrugaí i Meicsiceo, cogadh a d'fhág 40 míle agus céad míle duine marbh – mná, páistí, mic léinn, iriseoirí, feirmeoirí, turasóirí, imircigh agus eile. Níl sí ina haonar, mar iriseoir ná mar bhean: na mná atá chun tosaigh in iriseoireacht den saghas seo agus i gcúrsaí iriseoireachta i gcoitinne i Meicsiceo, agus tá níos mó iriseoirí mná ag obair sa raidió agus sa teilifís ná iriseoirí fir. Cuimhnímis ar Adela Navarro (a ceapadh mar eagarthóir na hirise *Zeta* tar éis gur dúnmharaíodh eagarthóir eile sa bhliain 2004), Lydia Cacho (ar minic a bagraíodh bás uirthi), agus Ana Lilia Pérez (arbh éigean di éalú de bharr ar scríobh sí faoi chaimiléireacht sa chomhlacht mór ola Pemex). Tá a lán eile ann.

I Meicsiceo faoi láthair (nó i gcuid de) tá cogadh fíochmhar ar siúl idir cairtéil drugaí agus an stát agus idir na cairtéil féin. Tá margadh ollmhór drugaí le fáil sna Stáit agus ní lú an soláthar ná an t-éileamh. Tá a rian sin le haithint ar chúrsaí riaracháin i Meicsiceo – breabaireacht, caimiléireacht agus imeaglú. Sciúrtar cuid mhór den bhrabús sa Bhreatain agus sna Stáit.

Deir Hernández:

Esto libro es el resultado de una ardua investigación que duró aproximadamente cinco años, a lo largo de ese tiempo me adentré poco a poco en el conocimiento de un mundo oscuro, lleno de trampas, mentiras, traiciones y contradicciones.

*Tháinig an leabhar seo as imscrúdú crua a mhair timpeall cúig bliana. I rith na tréimhse sin chuaigh mé amach de réir a chéile ar shaol dorcha a bhí lán de ghaistí, de bhréaga, d'fheallbhearta agus de rudaí nach raibh ag teacht lena chéile.*

Leabhar beoga dea-scríofa is ea é (i Spáinnis, ar a laghad); tá neart eolais le fáil uaidh agus ó na hagallaimh a cuireadh ar an údar – eolas ar shaol a bhfuil blas scanrúil leath-osréalach air. Is beag an t-ionadh go raibh díol chomh mór sin aar an saothar seo i Meicsiceo féin, cé nach tír í a bhfuil mórán leitheoirí oile ann.

Chuir Herndández agallamh ar fheidhmeanaigh dlí agus mhíleata agus ar dhaoine a bhain leis na cairtéil féin; rinne sí a scéalta a chros-seiceáil le cáipéisí agus le cuntais eile. Ní hé go bhfuil tiarnaí na ndrugaí dulta i bhfolach: tá siad le feiceáil sna tithe itheacháin is fearr agus sna hóstáin is galánta. Deir Hernández go bhfuil institiúidí na tíre lofa: tá greim ag na cairtéil ar an arm, ar na póilíní feidearálacha agus ar oifig an Ard-Chúisitheora.

Faoin mbliain 2000 bhí iomrá le Hernández mar iriseoir de chuid an nuachtáin *Reforma*. Fuadaíodh a athair an bhliain sin, coir nach raibh baint aici le hobair a iníne, is dócha; dúirt na póilíní nach ndéanfaidís imscrúdú mura n-íocfaí as iad; dhiúltaigh an teaghlach breab a thabhairt agus barúil acu nárbh fhiú an saothar é. Dúnmharáidh athair Hernández, rud a ghríosáigh chun gnímh i gceart í. Ar dtús rinne sí imscrúdú ar an leatrom a bhí á déanamh ag cailíní ó Mheicsiceo ar fheirmeacha California Theas, obair a ghnóthaigh duais di. Nuair a thosaigh cogadh na ndrugaí dhírigh sí a haird ar Joaquin 'El Chapo' Guzmán, ceannaire chairtéal mór Sinaloa. Fiú sna hochtóidí bhí polaiteoirí ina bpátrúin ag a leithéidí, agus bhí pátrún an-chumhachtach ag El Chapo: Genaro García Luna, Rúnaí Slándála Poiblí. Nuair a gearradh príosúnacht ar El Chapo, eisean a reachtáil an príosún le lánchead na n-údarás.

Deir Hernández gurb é Genaro García Luna a d'ordaigh go ndúnmharófaí í. Deir sí freisin gur íocadh \$20 milliún le Vicente Fox (arbh é uachtarán na tíre ag an am é) chun go n-éalódh El Chapo ón bpríosún agus nach n-ionsófaí cairtéal Sinaloa. Déanann sí tagairt do 'los intocables' – polaiteoirí agus ardfeidhmeanaigh nach ceadmhach iad a chúiseamh.

Deir Hernández nach iad na cairtéil an fhadhb is measa: níl iontu ach comhartha ar an gcaimiléireacht. Ní féidir leis na cairtéil fanacht i mbun oibre gan chabhair ó fheidhmeanaigh, ó pholaiteoirí agus ó phóilíní, agus gan baincéirí a bheith ann a sciúrfadh an t-airgead.

Tosaíodh ag bagairt báis ar Hernández timpeall na bliana 2010; faoin am sin bhí beirt pháistí aici. Fuair sí scéala gur mhian le duine áirithe sa rialtas í a mharú; tugadh cosaint oifigiúil di, cosaint a bhainfí di ina dhiaidh mura ndearna sí agóid. Tá lucht leanúna Genaro García Luna i gceannas na tíre fós, cé go bhfuil seisean ar scor in Miami anois. García Luna a bhí i gceannas ar an 'gcogadh i gcoinne na ndrugaí': ba í a oifig siúd is mó a fuair an t-airgead chuige ach ba ghearr go raibh siad féin agus na póilíní feidearálacha ag cuidiú leis na mangairí drugaí. Tá Cathair Mheicsiceo féin ar imeall an chogaidh, ach déantar drugaí a sheoladh anonn ó aerfort Cathair Mheicsiceo.

Tá marú na n-iriseoirí fite fuaite sa scéal seo. Deir Hernández nach mór do na cairtéil trí rud a dhéanamh: smacht a fháil ar na póilíní, cumhacht pholaitiúil a bhaint amach agus an preas a bheith faoi bhois an chait acu. Dá bhrí sin tá mórán iriseoirí i bponc. Is minic atá drogall orthu ceisteanna leamha féin a chur ar eagla go gcuirfí fearg ar fheidhmeannach éigin dá bharr. Má bhagraítear ar iriseoirí is minic nach bhfógraíonn siad an scéal; má mharaítear iad ní dhéantar an scéal a imscrúdú. Tá, ar ndóigh, leithéidí Hernández ann: daoine a bhfuil meargántacht éigin iontu.

Deir Hernández go mothaíonn an pobal féin gur fheall na meáin orthu. Tá baint ag formhór mór na meán le páirtithe rialtais, agus ní sholáthraíonn siad aon eolas nach bhfuil neamhiomlán nó bréagach. Deir sí: 'Es más peligroso callar que hablar' (Is baolaí duit fanacht i do thost ná labhairt).

Tá grúpaí féinchosanta i stáit Michoacan agus Guerrero leis na blianta fada, fiú sular thosaigh an cogadh i gcoinne drugaí. Vótálann na daoine dóibh, ní call dóibh mascanna a chaitheamh agus bíonn airm sheanfhaiseanta ar iompar acu. Anois tá grúpaí eile ann a bhfuil airm fiornua acu: caitheann siad mascanna agus ní fios cár b as dóibh. Is dócha go mbaineann cuid acu leis na cairtéil agus deirtear gurb é an rialtas féin a chuir grúpaí éigin ar bun. Mar a deir Hernández, is mór an baol atá ag baint leis sin má chuimhnimid ar an dochar is féidir le baiclé paraimíleata a dhéanamh.

Go dtaga Anabel Hernández agus a leithéidí slán. Nó, ar a laghad, mura fearr, nára measa.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## Leagan simplithe

### Anabel Hernández agus cogadh na ndrugaí

Bean an-mhisniúil is ea Anabel Hernández, údar *Los Señores del Narco* (a foilsíodh i mBéarla mar *Narcoland*). Rinne sí imscrúdú<sup>1</sup> ar chogadh na ndrugaí i Meicsiceo. B'fhéidir go bhfuair 40 míle duine bás sa chogadh sin. Tá a lán iriseoirí eile i mbun na hoibre céanna, ar ndóigh, agus mórán ban ina measc.

Tá an cogadh sin siúl idir cairtéil<sup>2</sup> drugaí agus an Stát, agus idir na cairtéil féin freisin. Tá margadh mór drugaí i Meiriceá Thuaidh agus déanann na cairtéil brabach mór as. Sciúrtar an brabach sin<sup>3</sup> thar lear, agus i Meicsiceo féin tá baint ag gnó na ndrugaí le breabaireacht, caimiléireacht agus imeaglú. Deir Hernández go bhfuil institiúidí na tíre lofa dá bharr.

Chuir Hernández agallamh ar fheidhmeanaigh dlí agus mhíleata agus ar dhaoine a bhain leis na cairtéil féin. Deir sí nach bhfuil na mangairí drugaí dultha i bhfolach: tá siad le feiceáil sna tithe itheacháin is fearr agus sna hóstáin is galánta.

Ar dtús rinne Hernández imscrúdú ar an leatrom a bhí á dhéanamh ar chailíní ó Mheicsiceo ar fheirmeacha California Theas. Nuair a thosaigh cogadh na ndrugaí chuir sí suim in Joaquín 'El Chapo' Guzmán, ceannaire chairtéil mór Sinaloa. Bhí pátrún an-chumhachtach ag El Chapo: Genaro García Luna, Rúnaí Slándála Poiblí. Dúradh le Hernández gur mhian le duine éigin í a mharú, agus b'éigean don rialtas gardaí cosanta a thabhairt di. Deir Hernández gurb é García Luna féin a d'ordaigh go marófaí í.

Deir Hernández nach iad na cairtéil féin an fhadhb is measa. Níl iontu ach comhartha ar an gcaimiléireacht. Ní féidir leis na cairtéil fanacht i mbun oibre gan chabhair ó fheidhmeanaigh, ó pholaiteoirí agus ó pháilíní, agus gan baincírí a bheith acu chun an t-airgead a sciúradh.

Deir Hernández nach mór do na cairtéil trí rud a dhéanamh: smacht a fháil ar na páilíní, cumhacht pholaitiúil a bhaint amach agus an preas a bheith faoi bhois an chait acu. Maraíodh mórán iriseoirí i Meicsiceo toisc gur chuir siad olc ar dhuine éigin a raibh baint aige le gnó na ndrugaí. Tá a lán iriseoirí i bponc dá bharr. Mar sin féin, déanann cuid acu imscrúdú géar, cé go gcuireann siad iad féin i gcontúirt mhór dá bharr.

Tá grúpaí féinchosanta i stáit Michoacan agus Guerrero leis na blianta fada, fiú sular thosaigh an cogadh i gcoinne drugaí. Vótálann na daoine dóibh agus ní gá dóibh iad féin a cheilt. Anois tá grúpaí nua ann agus is dócha go mbaineann cuid acu leis na cairtéil.

---

<sup>1</sup> Imscrúdú - investigation

<sup>2</sup> Cairtéil - cartels

<sup>3</sup> Sciúrtar an brabach sin – that profit is laundered

